**Sonraíocht Phoist**

## Stiúrthóir Feidhmiúcháin/ Co-POF

Is í an Taibhdhearc Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Cruthaímid agus tacaímid le saothair ealaíne thar go leor foirmeacha ealaíne, agus cuirimid i láthair iad. Soláthraíonn an foras tábhachtach cultúrtha seo caighdeán gairmiúil áiseanna do phobal leathan ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúrtha, i bhfoirgneamh stairiúil lena mbaineann tábhacht náisiúnta.

Tá áit ar leith ag an Taibhdhearc i samhlaíocht na bpobal Gaeltachta, agus i samhlaíocht chainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. D’fhéach glúnta ealaíontóirí, drámadóirí agus an pobal i gcoitinne ar an Taibhdhearc mar fhoras tábhachtach cultúrtha: ceann a thugann brí, braistint féiniúlachta agus muintearas, agus áit inar féidir taithí a fháil ar an amharclannaíocht agus ar na healaíona inár dteanga dhúchais i gcéad teanga oifigiúil na tíre seo.

Is tráth ríthábhachtach é seo don Taibhdhearc toisc gur bronnadh an pacáiste maoinithe is suntasaí air i stair 100 bliain nach mór na hamharclainne. Bronnadh €5.78 milliún ar an amharclann don tréimhse 2024 go 2027 chun bonn láidir a chinntiú don amharclannaíocht Ghaeilge trí Amharclann Náisiúnta Gaeilge athbheoite.

Mar chuid d’fhoireann cheannaireachta, tá an Bord ag iarraidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin/ Co-POF uaillmhianach agus straitéiseach a earcú. Beidh an ról seo i gceannas ar fhorbairt agus ar oibríochtaí na Taibhdheirce, agus freagracht ar leith ar an té a cheapfar mar Cheann Airgeadais. Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF chun fís straitéiseach na Taibhdheirce a sholáthar sna blianta amach romhainn. Is deis uathúil é seo chun taithí agus fís a thabhairt d’institiúid stairiúil chultúrtha atá ag dul trí thréimhse athchóirithe, agus cruthú agus cur i láthair na hamharclannaíochta Gaeilge ag an leibhéal is airde a chumasú.

Tugann an sainchuntas poist seo breac-chuntas ar phríomhchúraimí laethúla agus straitéiseacha an róil.

**Cuspóir Róil:**

Ag tuairisciú don Bhord Stiúrthóirí agus ag obair in éineacht leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF, cumasaíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin/ Co-POF soláthar fhís agus cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta tríd an méid seo a leanas:

- Sármhaitheas oibriúcháin a bhunú agus a threorú san Amharclann bunaithe ar struchtúir eagraíochtúla, tuairisciú agus cumarsáid inmheánach éifeachtach.
- Timpeallacht oibre atá idir rathúil agus dearfach a chothú trí earcaíocht éifeachtach, beartais fhónta AD, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt daoine oibriú chun cultúr a chruthú bunaithe ar obair foirne, spriocanna dúshlánacha a leagan síos agus tiomantas leanúnach d'fheabhsú.
- Rathúlacht airgeadais inbhuanaithe na heagraíochta a chinntiú trí phleanáil airgeadais fhónta, trí bhainistíocht agus trí thuairisciú airgeadais láidir, trí chaidreamh maoinithe a mhaoirsiú go héifeachtach agus trí spriocanna ioncaim a bhaint amach le héagsúlú thar fhoinsí éagsúla.
- Ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh don Taibhdhearc chun caidreamh láidir a chothú le páirtithe leasmhara seachtracha i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF agus an Bord, chun cur i bhfeidhm

na straitéise cumarsáide agus gníomhaíocht ábhartha a threorú chun rannpháirtíocht an lucht féachana a mhéadú agus léiriúcháin agus gníomhaíochtaí ealaíne a chur chun cinn.

- A chinntiú go ndéantar an foirgneamh a bhainistiú agus a chothabháil ar ardchaighdeán, ag seasamh le riachtanais chaipitil d'infheistíocht reatha agus sa todhchaí, ag cur le hinrochtaineacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a fheabhsú.
- Ardchaighdeán tuairiscithe oibriúcháin agus airgeadais thrédhearcaigh a sholáthar don Bhord agus do na maoinitheoirí, ag tacú le dea-rialachas agus ag cinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí go léir.
- Oibriú go tairbheach agus go comhoibríoch i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF ag tacú leo chun fís ealaíne straitéiseach inbhuanaithe a bhaint amach agus chun caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara ealaíne.

## Príomhfhreagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin/ Co-POF

Seo a leanas breac-chuntas ar na príomhréimsí freagrachta atá ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin/ Co-POF. Tá cur síos sealadach sa straitéis ar an soláthar foirne thar réimsí éagsúla. Tá freagracht ar leith ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin/ Co-POF mar Cheann Airgeadais don Taibhdhearc.

**1. Straitéis a fhorbairt agus a threorú**

1.1 Oibriú leis an mBord agus leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF chun Síolta 2025-2027, straitéis de chuid na Taibhdheirce, a thabhairt chun críche.

1.2 Plean feidhmithe a tháirgeadh agus a sholáthar a sholáthraíonn cuspóirí na straitéise sin.

1.3 A bheith i gceannas ar fhorbairt, uasdátú agus cur i bhfeidhm beartas, lena n-áirítear an beartas comhionannais agus éagsúlachta, beartas inrochtaineachta, beartas inbhuanaitheachta comhshaoil agus an Beartas um Chosaint Leanaí.

**2. Stiúrthóireacht Oibriúcháin**

2.1 Struchtúir eagraíochtúla, próisis agus córais tuairiscithe éifeachtacha a chruthú le haghaidh oibríochtaí agus airgeadais.

2.2 Freagracht a ghlacadh as sármhaitheas a bhunú in oibríochtaí san Amharclann tríd an méid seo a leanas:

2.2.1 a chinntiú go dtuigeann gach fostaí cuspóirí oibriúcháin agus caighdeáin feidhmíochta agus go nglacann siad chucu féin iad.

2.2.2 maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht na gclár agus na ngníomhaíochtaí go léir a chinntiú go soláthraíonn gach duine/foireann na gnéithe dá ról in am agus laistigh den bhuiséad.

2.2.3 ardchaighdeán cumarsáide inmheánaí a sholáthar chun freastal ar riachtanais na heagraíochta, an fhoireann a choinneáil ar an eolas agus tacú le rannpháirtíocht.

**3. Stiúrthóireacht Foirne**

3.1 Croífhoireann a earcú agus tacú le foireann shéasúrach a earcú. Ceannaireacht shofheicthe, leanúnach eagraithe a sholáthar a chruthaíonn timpeallacht foghlama agus oibre atá sábháilte agus tarraingteach, agus a chuireann obair foirne láidir agus feabhas i léiriú ealaíne chun cinn.

3.2 Gach croífhoireann a bhainistiú le tacaíocht ó athbhreithnithe feidhmíochta rialta, pleananna oiliúna agus forbartha, agus deiseanna ann chun dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach.

3.3 Cruthaigh cultúr ina leagtar amach spriocanna dúshlánacha duit féin agus do dhaoine eile, ag tiomáint cultúr de chleachtas machnamhach leanúnach, feabhas agus lúfaireacht.

**4. Stiúrthóireacht Airgeadais**

4.1 Cruthaigh buiséid, bainistigh ioncam agus caiteachas, cinntigh straitéisí láidre bainistíochta airgeadais, agus pleanáil airgeadais inbhuanaithe fhadtéarmach, go léir i gcomhairle leis na daoine/foirne ábhartha.

4.2 Tuairisciú airgeadais ar chuntais bhainistíochta, bainistíocht an iniúchta bhliantúil, agus ullmhú ráiteas airgeadais, iad seo ar fad i gcomhairle leis na daoine/foirne ábhartha.

4.3 Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht na n-idirbheartaíochtaí conartha uile.

4.4 Giniúint ioncaim, lena n-áirítear iarratais ar mhaoiniú, caidrimh urraíochta, Cairde na Taibhdheirce agus éagsúlú ioncaim.

**5. Cumarsáid, Líonrú, Díolacháin agus aire a thabhairt do chlú na Taibhdheirce**

5.1 Gníomhú mar urlabhraí ar chúrsaí institiúideacha agus corparáideacha a bhaineann leis an Taibhdhearc.

5.2 Caidrimh oibre den scoth a thógáil, a fhorbairt agus a chothú le páirtithe leasmhara seachtracha atá mar chuid de phobal na Taibhdheirce, i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF agus leis an mBord.

5.3 Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis chumarsáide na hAmharclainne, i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF, chun an lucht féachana a mhéadú agus a neartú, agus iarracht leanúnach á déanamh dul i bhfeidhm ar phobail nua.

5.4 Oibriú leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF ar phleanáil agus ar chur i gcrích éifeachtach feachtas preasa, poiblíochta agus margaíochta do gach léiriúchán agus gach gníomhaíocht ealaíne.

5.5 Spriocanna ioncaim a bhaint amach ar dhíolachán ticéad agus réimsí eile ioncaim.

5.6 Tacú leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF comhpháirtíochtaí oibre éifeachtacha agus táirgiúla a fhorbairt le hamharclanna léiriúcháin agus glactha idirnáisiúnta agus Éireannacha, ionaid réigiúnacha agus ealaíontóirí neamhspleácha.

**6. Stiúrthóireacht Foirgnimh**

6.1 Na riachtanais chaipitil agus infheistíocht san fhoirgneamh a choinneáil amach anseo.

6.2 Cinntigh go bhfuiltear ag tabhairt aire don fhoirgneamh (atá liostaithe) agus go bhfuil deisiúcháin á ndéanamh nuair is gá.

6.3 Oibriú chun an foirgneamh a dhéanamh níos inrochtana.

6.4 Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil an fhoirgnimh.

**7. Rialachas**

7.1 Freagrach as tuairisciú rialta oibriúcháin agus airgeadais don Bhord leis an Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF.

7.2 Freagrach as tuairisciú go rialta do na maoinitheoirí agus eagraíochtaí ábhartha eile amhail an Rialálaí Carthanas, Foras na Gaeilge, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus an pobal.

7.3 Tacaíochtaí ábhartha a sholáthar don Stiúrthóir Ealaíne/ Co-POF chun déileáil le caidrimh ghnó sheachtracha.

7.4 Glac freagracht as a chinntiú go gcloíonn an Taibhdhearc le gach dualgas airgeadais, dlíthiúil, árachais, reachtúil agus conartha.

**Tuarastal, Téarmaí agus Coinníollacha**

Tá an Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, suite ar 19 an tSráid Láir, laistigh de chathair mheánaoiseach na Gaillimhe. Tá an ról lánaimseartha seo bunaithe ansin. Déantar é a thairiscint mar chonradh 22 mí go dtí deireadh 2027, le tréimhse phromhaidh sé mhí. Is é an tuarastal ná €82,290 in aghaidh na bliana ar scála le méadú incriminteach bliantúil faoi réir athbhreithniú feidhmíochta. Cuimsíonn an ról seo toilteanas freastal ar imeachtaí a d’fhéadfadh a bheith lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Áirítear sa phacáiste pinsean agus 25 lá saoire. Tá an Taibhdhearc tiomanta do phrionsabail agus cleachtais an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe. Mar eagraíocht atá maoinithe go poiblí, táimid tiomanta do bhearta dearfacha beartais a ghlacadh chun comhionannas deiseanna, rochtain agus torthaí a chur chun cinn dóibh siúd go léir a chónaíonn in Éirinn beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil, chomh maith le cúlra socheacnamaíoch.

Cinnteoimid go gcuirfear socruithe réasúnta ar fáil do gach iarrthóir chun páirt a ghlacadh sa phróiseas iarratais agus roghnúcháin. Déan teagmháil leis an earcaitheoir le do thoil chun aon socruithe a cheapann tú a d’fhéadfadh a bheith uait a phlé.

## Sonraíocht faoin bPearsa

Éilíonn Bord na Taibhdheirce go mbeidh an t-iarrthóir rathúil in ann samplaí láidre a léiriú óna thaithí san am atá caite a léiríonn go bhfuil an cumas iontu don ról seo agus go bhfuil dúil acu ann. Go sonrach, tá siad ag lorg duine ag a bhfuil na tréithe seo a leanas: -

**Taithí Ghairmiúil, Scileanna agus Eolas Riachtanach**

- An cumas gnó a dhéanamh as Gaeilge.
- Taithí bhainistíochta atá suntasach lena n-áirítear gníomhaíocht oibríochtaí go hidéalach lena n-áirítear ar a laghad cúig bliana ag obair ag leibhéal sinsearach i ról ceannaireachta (b’fhearr in earnáil na n-ealaíon agus an chultúir)
- Taithí phraiticiúil ar fhoirne a bhainistiú agus a fhorbairt (foirne ar a bhfuil 5 ar a laghad), lena n-áirítear meascán tallainne (sannrannpháirtithe, tacaíocht riaracháin).
- Freagracht agus úinéireacht ag leibhéal sinsearach as bainistíocht, próisis agus tuairisciú airgeadais chun caighdeáin a chomhlíonadh arb ionann iad agus na caighdeáin lena mbeifí ag súil ó eagraíocht charthanachta nó eagraíocht a fhaigheann maoiniú poiblí.
- Áirítear ar bhuaicphointí gairme ról lárnach a bheith acu i gcur i bhfeidhm rathúil straitéise agus feabhas a chur ar phríomhghnéithe de chumas nó d’acmhainn eagraíochta.

- Taithí ar róil AD le déanaí lena n-áirítear earcaíocht, dea-chleachtas AD a chur i bhfeidhm maidir le feidhmíocht agus forbairt daoine.
- Nochtadh do nó taithí ar bhainistiú soláthair agus conarthaí i ndáil le conraitheoirí seachtracha agus infheistíocht chaipitiúil.
- Áirítear leis an ngairm bheatha taithí ar phleanáil ghnó a chothromaíonn an gá le riosca a ghlacadh le bainistíocht fhónta airgeadais, bunaithe ar mheascán d'fhoinsí ioncaim.
- Cuntas teiste rathúil maidir le caidrimh a dhéanamh agus a bhainistiú thar ceann eagraíochta le príomhpháirtithe leasmhara go háirithe san earnáil phoiblí (b'fhearr cinn atá ábhartha do na healaíona agus don chultúr) sa bhreis ar an earnáil phríobháideach agus sna meáin.
- Eolas oibre cothrom le dáta ar dhea-rialachas bunaithe ar thaithí ar thuairisciú do Bhord, ar oibriú le Bord nó a bheith mar chomhalta Boird.
- Cáilíocht ardleibhéil i ndisciplín ábhartha (m.sh. Gnó, bainistíocht amharclainne, bainistíocht ionaid, beartas cultúrtha, bainistíocht ealaíon, cuntasaíocht).

**Taithí Ghairmiúil, Scileanna agus Eolas Inmhianaithe**

- Eolas ar an amharclannaíocht
- Tuiscint ar bhainistíocht ionad ealaíon, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus beartas
- Tuiscint phraiticiúil ar cheanglais tuairiscithe agus chomhlíonta an mhaoinithe phoiblí

**Inniúlachtaí Riachtanacha / Tréithe Pearsanta**

- Stíl cheannaireachta bunaithe ar luachanna soiléire le cuntas teiste maidir le tallann a fhorbairt, feidhmíocht a bhaint amach agus timpeallacht oibre atá sábháilte agus dearfach a chothú.
- Cuireann sé luach ard ar dhea-rialachas, ar chomhlíonadh agus ar bhainistiú riosca.
- Is féidir leis an duine maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar éifeachtach anailíse agus tuairiscithe agus fócas a choinneáil ar spriocanna fiontair chultúrtha.
- Cumarsáidí éifeachtach a dhéanann ionadaíocht inchreidte ar a ról go hinmheánach agus go seachtrach ag leibhéal piaraí i gcomhlachtaí poiblí agus príobháideacha.
- Is mór acu ardchaighdeán soiléireachta agus cur i láthair ina gcumarsáidí scríofa agus an cumas tuairisciú cruinn tráthúil a sholáthar.
- Taithí agus tuiscint ar shaol agus ar phobal na Gaeilge.
- Feidhmitheoir éifeachtach atá in ann spriocanna straitéise agus eagraíochta a aistriú go torthaí.

- Léirítear ina ngairm bheatha tionscnaíocht agus cur i gcrích rudaí i gcásanna agus róil éagsúla.
- Stuama ó thaobh na tráchtála de agus an cumas fadhbanna / conarthaí a réiteach agus a shocrú trí idirbheartaíocht a chosnaíonn leasanna na heagraíochta agus a sholáthraíonn luach ar airgead.
- Dúil agus fonn chun foghlama agus cur go straitéiseach le forbairt eagraíochta ag pointe ríthábhachtach ina haistear.
- Imreoir foirne a chomhoibríonn agus a oibríonn go maith le bainisteoirí piaraí agus a fhéachann le luach a chur leis an eagraíocht.
- Duine stuama leis an gcumas na héilimh a bhaineann le ról ilghnéitheach a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú.

**Próiseas Iarratais**

Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh le litir chlúdaigh agus CV ag baint úsáid as na treoirlínte riachtanacha a thugtar thíos:

1. CV a tharraingíonn aird ar do thaithí ábhartha don ról seo.
2. Litir chlúdaigh dhírithe ina dtugtar aghaidh ar cheisteanna sonracha.

Seol d'iarratas faoi rún daingean ar aghaidh chuig Siobhán Nic Fhlannchadha, Cathaoirleach an Bhord, trí ríomhphost ag siobhan@antaibhdhearc.com. Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná Déardaoin an 19 Feabhra ag 12 meánlae.

*Treoirlínte Riachtanacha CV*

- Ceithre leathanach ar a mhéad ina dtarraingítear aird ar do thaithí ábhartha don ról seo.
- Do róil níos déanaí nó níos sinsearaí
    - Bí soiléir faoi chineál na freagrachta bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe a bhí ort agus cé dó ar thuairiscigh tú. Más féidir, tabhair léiriú ar bhuiséid nó ar láimhdeachas.
    - Tabhair breac-chuntas go hachomair ar shonraí na dtuarascálacha díreacha agus luaigh na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a raibh tú i dteagmháil leo.
    - Cuir béim ar aon tionscadal a bhain le straitéis, le pleanáil ghnó nó le tógáil acmhainne.
- Cuir ar a laghad beirt mholtóirí in iúl mar aon le cineál a gcaidreamh gairmiúil leat. D'fhéadfaimis teagmháil a dhéanamh leo i gcéimeanna níos déanaí an phróisis. Níl gá le sonraí teagmhála ag an bpointe seo.

*Treoirlínte Riachtanacha um Litir Chlúdaigh*

Go hidéalach, gan níos mó ná dhá leathanach, tabhair aghaidh ar na nithe seo a leanas ar bhealach réasúnta gonta:

- Déan forbairt ar shampla ó do ghairm bheatha go dtí seo a bhaineann le straitéis a chur i bhfeidhm nó le hathrú eagraíochta a bhain le tógáil acmhainne nó cumas chun tionchar nó cuspóir a bhaint amach
- Tabhair léargas gairid ar do stíl mar cheannaire agus ar an gcaoi ar léiríodh é sin sa bhainistiú a rinne tú ar fhoirne
- Cad a mheallann chuig an ról thú?

**Dátaí Agallaimh agus Modhanna Roghnúcháin**

- Déanfar gearrliostú tosaigh na n-iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina CV agus ina litir chlúdaigh (lena n-áirítear caighdeán na cumarsáide scríofa).
- Tabhair faoi deara go mbeidh an cinneadh an chéad agallamh a dhéanamh bunaithe ar iarrthóirí a bheith ag baint amach íoschaighdeáin áirithe sna réimsí Critéir/Cáilíocht agus Taithí Ghairmiúil, Scileanna agus Eolas Riachtanach mar a leagtar amach thuas.
- Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí ar an ngearrliosta freastal ar agallamh tosaigh ar Aoine 27 Feabhra. Féadfaidh an chéad agallamh an gearrliosta tosaigh a laghdú agus féadfar cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí atá fágtha freastal ar an dara hagallamh ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh cur i láthair a bheith i gceist leis an agallamh seo bunaithe ar imlíne níos mionsonraithe ar an straitéis.

**Tuilleadh Eolais**

**Is í an Taibhdhearc Amharclann Náisiúnta na Gaeilge**. Cruthaímid agus tacaímid le saothair ealaíne thar go leor foirmeacha ealaíne, agus cuirimid i láthair iad. Soláthraíonn an foras tábhachtach cultúrtha seo caighdeán gairmiúil áiseanna do phobal leathan ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúrtha, i bhfoirgneamh stairiúil lena mbaineann tábhacht náisiúnta.

Tá áit ar leith ag an Taibhdhearc i samhlaíocht na bpobal Gaeltachta, agus i samhlaíocht chainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. D'fhéach glúnta ealaíontóirí, drámadóirí agus an pobal i gcoitinne ar an Taibhdhearc mar fhoras tábhachtach cultúrtha: ceann a thugann brí, braistint féiniúlachta agus muintearas, agus áit inar féidir taithí a fháil ar an amharclannaíocht agus ar na healaíona inár dteanga dhúchais i gcéad teanga oifigiúil na tíre seo.

Is píosa fíorthábhachtach bonneagair ealaíon í an Taibhdhearc do phobal na Gaeilge, do chathair na Gaillimhe agus d'Éirinn i gcoitinne. Tá an cumas ag an amharclann náisiúnta seo i bhfad níos mó a sholáthar leis na hacmhainní cuí.

**Cuireann Síolta: Plean na Taibhdheirce 2025-2027** béim ar athfhorbairt bonn láidir don amharclannaíocht Ghaeilge. Bhí drochthionchar ag COVID-19 ar earnáil na n-ealaíon, agus táimid fós ag teacht ar ais chugainn féin ina dhiaidh. Tá sé mar aidhm ag an straitéis síolta a chur agus aire a thabhairt do na síolta céanna. Faoi dheireadh thréimhse na straitéise, tá súil againn go mbeidh Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, agus an amharclannaíocht Ghaeilge i gcoitinne neartaithe, rud a fhágfaidh níos láidre ná riamh iad agus d'fhéadfaí tógáil air seo ag deireadh na tréimhse. Is iad aidhmeanna Síolta:-

- Drámaíocht Ghaeilge a chur chun cinn, tacú le cur chun cinn na drámaíochta go náisiúnta agus glúin nua drámadóirí Gaeilge a fhorbairt.
- Ionad barr feabhais a chruthú don amharclannaíocht Ghaeilge.
- Méadú ar líon na seónna camchuairte agus na gcompántas drámaíochta Gaeilge a théann ar camchuairt san amharclann chun tuilleadh feola a chur ar an straitéis le bheith níos náisiúnta.
- Deiseanna oiliúna a mhéadú (idir inmheánach agus seachtrach) chun caidreamh a chothú idir lucht féachana amharclainne agus an Taibhdhearc.
- Féidearthachtaí nua a fhiosrú chun lucht féachana nua a mhealladh.
- Glúin nua cleachtóirí amharclannaíochta a chothú.
- Glúin nua scríbhneoirí a spreagadh.
- Fáiltiú roimh chleachtóirí drámaíochta de gach cineál agus cumas.

Tá tuilleadh eolais faoin ionad, na cláir reatha agus gníomhaíochtaí ar na naisc seo a leanas.

Suíomh Gréasáin: https://www.antaibhdhearc.com/

Sonraí Teicniúla an Ionaid: https://www.antaibhdhearc.com/technical-spec